COURT OF JUSTICE
OF THE EUROPEAN UNION

1952 - 2022

## PREASEISIÚINT UIMH. 2/23

**Lucsamburg, an 12 Eanáir 2023**

Breithiúnas na Cúirte i gCásanna Uamtha C-702/20 | DOBELES HES agus C-17/21 | GM

# Ní féidir Státchabhair a bhunú ina cáil féin le cinneadh ó chúirt

An 5 Bealtaine 2005, ghlac an Laitvia dlí (a raibh feidhm aige ón 8 Meitheamh 2005 go dtí an 31 Nollaig 2014) a raibh sé mar aidhm leis an nós imeachta maidir le táirgeoirí leictreachais a dhíolann farasbharr táirgeachta ar ráta méadaithe a athrú. Sonraíodh leis an Dlí sin go raibh iarchoinníollacha fós infheidhme, i leith na dtairgeoirí leictreachais in-athnuaite siúd a raibh tús curtha acu lena gcuid gníomhaíochtaí cheana féin ar an dáta sin, a bhí ní b'fhabhraí ó thaobh an phraghais le haghaidh díolachán ar ráta méadaithe. Dhá ghnóthas is iad DOBELES HES SIA agus GM SIA a fheidhmíonn stáisiúin chumhachta hidrileictreacha a tháirgeann leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh. I ndiaidh theacht i bhfeidhm an Dlí seo, rinne an t-údarás rialála Laitviach, a bhfuil sé de chumhacht aige an meántaraif ar leictreachas a shocrú, an dlí sin a léiriú amhail go ndearnadh an meánphraghas ar leictreachas mar a bhí ar an 7 Meitheamh 2005 a reo le haghaidh na dtáirgeoirí seo. Ina dhiaidh sin, ní dhearna an t-údarás sin an taraif sin a nuashonrú.

Ina dhiaidh an méid sin, rinne na hiarratasóirí éileamh ar dhamáistí ón údarás rialála as caillteanais a baineadh dóibh mar gheall ar reo na taraife. Dhiúltaigh an t-údarás rialála do na hiarratais seo ach ghlac an chúirt riaracháin Laitviach go páirteach leis an gcaingean.

Tugadh achomharc os comhair chúirt uachtarach na Laitvia, agus d'iarr sí ar an gCúirt Breithiúnais léiriú a thabhairt ar Airteagal 107(1) agus Airteagal 108(3) CFAE, ar an Rialachán lena bhforáiltear do chabhair de minimis[1] (Státchabhair a bhfuil luach íseal ag gabháil léi, nach gá fógra a thabhairt don Choimisiún ina leith) agus ar an Rialachán lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun Airteagal 108 CFAE a chur i bhfeidhm [2].

**Chinn an Chúirt ar dtús go bhfuil dhá chritéar malartacha ann lenar féidir "acmhainní Stáit" a aithint, acmhainní ar gá iad a úsáid le "Státchabhair" a bhunú de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE : cistí arna maoiniú le cáin nó le formhuirir éigeantacha eile faoin reachtaíocht náisiúnta agus arna mbainistiú agus arna leithdháileadh i gcomhréir leis an reachtaíocht sin, nó suimeanna atá faoi rialú poiblí ar bhonn leanúnach.**

I ndáil leis seo, thug an Chúirt dá haire nach bhfuil dáta léirscaoileadh iomlán an mhargaidh leictreachais sa Laitvia ábhartha chun a chinneadh an gá an buntáiste a thagann as leictreachas a cheannach ar ráta méadaithe a aicmiú mar Státchabhair. **Níl aicmiú buntáiste mar "Státchabhair", i ndáiríre, faoi réir an choinníll go mbeadh an margadh**

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013 maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ar chabhair de minimis (IO 2013 L 352, lch. 1)

[2] Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm (IO 2015 L 248, lch. 9)

**lena mbaineann léirscaoilte go hiomlán cheana féin**.

Rud eile atá curtha in iúl ag an gCúirt ná go bhfuil cabhair phoiblí, arb éard atá inti ná bearta ón údarás poiblí lena dtugtar fabhar do ghnóthais nó táirgí áirithe, an-éagsúil ó thaobh dlí de ó na damáistí is féidir a iarraidh ar na húdaráis náisiúnta iad a íoc le daoine aonair mar chúiteamh as an dochar a rinneadh dóibh. Ní Státchabhair iad damáistí de réir bhrí dhlí an Aontais. Os a choinne sin, níl sé ábhartha, agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil "Státchabhair" i gceist le suimeanna, cibé an ndéantar na caingne chun an íocaíocht a fháil a aicmiú mar "caingne le haghaidh cúitimh" nó "caingne le haghaidh damáistí" faoin dlí náisiúnta .

Thairis sin, i gcás inar bunaíodh Státchabhair sa reachtaíocht náisiúnta, is "Státchabhair" í íocaíocht suime a ndéantar iarratas ina leith sa chúirt ar bhonn na rialacha sin, de réir bhrí na forála sin.

Mar fhreagra don Choimisiún, **chinn an Chúirt nach féidir Státchabhair a bhunú ina cáil féin le cinneadh ó chúirt. I ndáiríre, is éard is bonn le bunú na Státchabhrach ná measúnú nach dtagann faoi dhlínse cúirte**.

Maidir le hinfheidhmeacht dhlí an Aontais atá dírithe ar chabhair de minimis, dhearbhaigh an Chúirt gurb i bhfianaise mhéid iomlán na suimeanna a fuarthas cheana agus na suimeanna atá fós á n-éileamh ag na hiarratasóirí le linn na tréimhse tagartha, más Státchabhair atá iontu, a chaithfear measúnú a dhéanamh ar chineál de minimis na cabhrach.

I gcás ina dtugtar iarratas os comhair na cúirte náisiúnta lena ndéantar éileamh ar chabhair neamhdhleathach a fháil, eadhon cabhair nár tugadh fógra don Choimisiún ina leith cé nach cabhair de minimis i gceist léi, ní mór don chúirt sin diúltú don iarratas . Mar sin féin, féadfaidh an chúirt náisiúnta iarratas a dheonú lena n-iarrtar íocaíocht suime arb éard atá inti ná cabhair nua nár tugadh fógra don Choimisiún ina leith, ar an gcoinníoll go dtugann na húdaráis náisiúnta lena mbaineann fógra i leith na cabhrach sin don Choimisiún roimh ré agus go n-aontaíonn an Coimisiún chuige sin, nó go meastar go n-aontaíonn.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid féin. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Breithiúnais.

Foilsítear Téacs iomlán a'r abstract an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA lá a fhógartha.

Teagmháil phreasa: Jacques René Zammit ✆ (+352) 4303 3355

Fan i dteagmháil linn!